# Aguisín 3: Prótacal Lena n-údaraítear Gníomhaíocht Láithreach

Údaraíonn an prótacal seo a leanas gníomh láithreach faoi alt 7.3.6 de na *'Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Scoileanna 2025'*. Ba cheart na nósanna imeachta a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta a leanúint maidir leis an bprótacal seo a chur i ngníomh.

## Bunscoileanna Seachas Iad Siúd Atá Faoi Phátrúnacht Boo

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, nuair is gá sin sna himthosca, mar bheart riachtanach réamhchúraim chun na páistí sa scoil a chosaint, údaraíonn údarás na scoile do chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a ordú d'fhostaí é féin nó í féin as láthair ón scoil láithreach gan aon phá a chailleadh, go dtí go mbeidh an cheist breithnithe ag an bhfostóir. Tá sé thar a bheith tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an gníomh faoin bprótacal beartaithe le bheith réamhchúramach agus nach bhfuil sé araíonachta. Is beart eatramhach é an gníomh faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir an cheist a bhreithniú tuilleadh.

Tabharfar cuireadh don fhostaí chuig cruinniú le cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, arb é an cuspóir atá leis an líomhain agus an gníomh atá á dhéanamh a chur in iúl don fhostaí. Féadfaidh duine cuí dá rogha féin a bheith in éineacht leis an bhfostaí agus cuirfear é sin in iúl dóibh.

Ar aon chuma, cuirfear an scéal in iúl don fhostaí freisin, i scríbhinn. Déanfaidh cathaoirleach an bhoird bhainistíochta taifead den chruinniú freisin a choinneofar sa chomhad cáis ábhartha.

## Iar-Bhunscoileanna Seachas Iad Siúd Atá Faoi Phátrúnacht Boo

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, i gcás inar gá sin sna himthosca, mar bheart riachtanach réamhchúraim chun na leanaí sa scoil a chosaint, tá údarú ag príomhoide na scoile a ordú d'fhostaí é féin nó í féin as láthair ón scoil láithreach gan aon phá a chailleadh, go dtí go mbeidh an cheist breithnithe ag an bhfostóir. Tá sé thar a bheith tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an gníomh seo faoin bprótacal beartaithe le bheith réamhchúramach agus ní araíonachta. Is beart eatramhach é an gníomh faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir an cheist a bhreithniú tuilleadh.

Tabharfar cuireadh don fhostaí chuig cruinniú leis an bpríomhoide, arb é an cuspóir atá leis an líomhain agus an gníomh atá á dhéanamh a chur in iúl don fhostaí. Féadfaidh duine cuí dá rogha féin a bheith in éineacht leis an bhfostaí agus cuirfear é sin in iúl dóibh.

Ar aon chuma, cuirfear an scéal in iúl don fhostaí freisin, i scríbhinn. Déanfaidh an príomhoide taifead den chruinniú a choinneofar ar an gcomhad cáis ábhartha.

## Scoileanna Faoi Phátrúnacht BOO

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, nuair is gá sin sna himthosca, mar bheart riachtanach réamhchúraim chun na leanaí sa scoil a chosaint, beidh príomhoide na scoile, tar éis dul i gcomhairle le BOO an fhostóra maidir leis na himthosca ar leith, údaraithe chun a ordú d'fhostaí é féin nó í féin as láthair ón scoil láithreach gan aon phá a chailleadh go dtí go mbeidh an cheist breithnithe ag an bhfostóir. Tá sé thar a bheith tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an gníomh seo faoin bprótacal beartaithe le bheith réamhchúramach agus ní araíonachta. Is beart eatramhach é an gníomh faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir an cheist a bhreithniú tuilleadh.

Tabharfar cuireadh don fhostaí chuig cruinniú leis an bpríomhoide, arb é an cuspóir atá leis an líomhain agus an gníomh atá á dhéanamh a chur in iúl don fhostaí. Féadfaidh duine cuí dá rogha féin a bheith in éineacht leis an bhfostaí agus cuirfear é sin in iúl dóibh.

Ar aon chuma, cuirfear an scéal in iúl don fhostaí freisin, i scríbhinn. Déanfaidh an príomhoide taifead den chruinniú a choinneofar ar an gcomhad cáis ábhartha.